Deontas 2027 Chomhairle Cathrach na Gaillimhe d'Eagraíochtaí Ealaíon

Ceisteanna a chuirtear go minic

C. Ní cuimhin liom m'ainm úsáideora/mo phasfhocal. Cén chaoi a bhféadfaidh mé iarratas a bhí déanta roimhe seo a thosú arís?

F. Mura cuimhin leat d'ainm úsáideora, seiceáil an ríomhphost a tháinig chugat go huathoibríoch ó Oifig Ealaíon Chomhairle Cathrach na Gaillimhe nuair a chuir tú tús le do phróiseas iarratais. Ar an drochuair, mar gheall ar chúiseanna slándála, ní féidir le hOifig Ealaíon Chomhairle Cathrach na Gaillimhe do phasfhocal a fháil ar ais duit.

C. Níl an tairseach le hiarratas a chur isteach ag ligean dom leanúint ar aghaidh le m'iarratas.

A. Baineann an feidhmchlár gréasáin seo úsáid as fianáin fheidhmiúla. Tá na fianáin seo riachtanach le go n-oibreoidh an feidhmchlár mar is ceart. Mura nglacann tú leis na fianáin seo, ní bheidh tú in ann síniú isteach, cuntas a chlárú nó iarratas a dhéanamh. Chun leanúint ar aghaidh le d'iarratas, cliceáil ar an mbarra gorm in íochtar an scáileáin ar thaobh na láimhe deise.

C. Céard a tharlóidh má chuirim níos mó ná iarratas amháin isteach?

F. Ní féidir le Comhairle Cathrach na Gaillimhe níos mó ná iarratas amháin a mheas ó aon eagraíocht/ cuideachta.

C. Níl mé cinnte an bhfuil mo ghrúpa i dteideal iarratas a dhéanamh ar an deontas seo, nó an bhfuil an smaoineamh atá againn bailí. An bhféadfá comhairle a chur orm?

F. Tá Oifig Ealaíon Chomhairle Cathrach na Gaillimhe freagrach as na deontais a fhorbairt agus a chur chun cinn, agus iad a mheas agus a riaradh. Tá an fhreagracht ar iarratasóirí staidéar a dhéanamh ar ár dtreoirlínte mionsonraithe agus a oibriú amach an bhfuil a n-eagraíocht incháilithe taobh istigh de na treoirlínte agus i dteideal aon mhaoiniú a bheadh ar fáil. Déanfaidh painéal meastóireachta de shaineolaithe measúnú ar gach iarratas atá líonta isteach agus tabharfaidh siad breithiúnas orthu.

C. Cén ceann de na snáitheanna ar cheart dom cur isteach air?

F. Tá Eagraíochtaí Gairmiúla Ealaíon i dteideal iarratas a dhéanamh ar an tSraith Ghairmiúil; lena n-áirítear:

- Eagraíochtaí Ealaíon neamhbhrabúis lena n-áirítear cuideachtaí faoi theorainn ráthaíochta (CLGanna), cuideachtaí gníomhaíochta ainmnithe (DACanna) agus comhpháirtíochtaí.
- Eagraíochtaí Ealaíon le dea-chleachtais rialachais,
- Eagraíochtaí Ealaíon a chuireann cláir agus tionscadail uaillmhianacha ar fáil atá ar ardchaighdeán,

- Eagraíochtaí Ealaíon atá lonnaithe i gCathair na Gaillimhe,
- Eagraíochtaí Ealaíon a oibríonn i gcineálacha éagsula de na healaíona cruthaitheacha, lena n-áirítear ceol, scannánaíocht, amharclannaíocht, damhsa, cleasaíocht sorcais/ealaín sráide, na hamharc-ealaíona, ealaín ilmheáin, ealaín chomhcheangailte, litríocht, ailtireacht, na ealaíona traidisiúnta, cleachtais idirdhisciplíneach agus cineálacha eile ealaíne.
- Eagraíochtaí Ealaíon a bhíonn ag obair le lucht spéise éagsúil,
- Eagraíochtaí Ealaíon a léiríonn dúthracht maidir le dínit agus meas i spás oibre na healaíne.
- Eagraíochtaí Gairmiúla Ealaíon a bhfuil fostaí amháin ar a laghad dá gcuid ag saothrú tuarastal.

Más amhlaidh gur cuspóir pobail/sóisialta is mó a bhaineann le d'eagraíocht agus í rite ar bhonn deonach, is féidir leat iarratas a dhéanamh ar an tSraith Pobail, Deonach agus Amaitéarach (CVA). Léigh na treoirlínte go cúramach sula ndéanfaidh tú suas d'intinn maidir le cén ceann de na snáitheanna le cur isteach air.

C. Ní cheapaim go bhfuil mo ghrúpa/tionscadal incháilithe do na deontais seo. An mbeidh deiseanna maoinithe eile ann?

F. Beidh, beidh tuilleadh deiseanna maoinithe ar fáil ó Oifig Ealaíon Chomhairle Cathrach na Gaillimhe.. Lean ár gcainéil meán sóisialta le do thoil chun teacht ar an eolas is déanaí:

- Instagram: **artsofficegalwaycity**
- Facebook: **Oifig Ealaíon Chathair na Gaillimhe**

Le go mbeidh tú ar ár liosta seoltaí, seol ríomhphost chuig Arts@GalwayCity.ie le d'iarratas.

C. Cén áit a bhféadfaidh muid téacs tacaíochta a chur isteach a bhaineann leis na híomhánna/naisc físe atá faoi iamh?

F. Níl aon bhosca téacs ar leith ann dó seo. Beidh tú in ann tagairt a dhéanamh sna rannóga ábhartha do na híomhánna/naisc físe atá agat mar thacaíocht.

C. Níl mé in ann cáipéisí a uaslódáil leis na naisc atá curtha ar fáil.

F. D'fhéadfadh gur fadhb theicniúil atá anseo a bhaineann le do nasc agus leis an gclúdach i do cheantar. D'fhéadfá iarracht a dhéanamh an leathanach a athnuachan. D'fhéadfá iarracht a dhéanamh brabhsálaí eile nó nasc idirlín eile a úsáid.

C. An bhféadfainn casadh le foireann na hOifige Ealaíon chun m'iarratas a phlé?

F. Beidh an t-iarratas dícháilithe má dhéantar aon stocaireacht. Ní féidir le foireann na hOifige Ealaíon bualadh le hiarratasóirí fad is atá an scéim deontais oscailte. Má tá aon cheist ar leith agat, seol ríomhphost chuig arts@galwaycity.ie leis an líne ábhair 'Ceist faoi Dheontais Ealaíon d'Eagraíochtaí 2027' agus réiteoidh muid freagra scríofa a bheifear in ann a chur leis na Ceisteanna Coitianta atá ann do gach iarratasóir.

C. Beidh clár d'imeachtaí na bliana 2027 chomh maith le féile á reáchtáil ag ár n-eagraíocht in 2027. Ar cheart dom iarratas a chur isteach faoi dhó?

F. Ní féidir le Comhairle Cathrach na Gaillimhe níos mó ná iarratas amháin a ghlacadh ó aon eagraíocht. Moltar duit staidéar a dhéanamh ar na treoirlínte agus na gníomhaíochtaí ar fad atá incháilithe faoin scéim a chur san áireamh.

C. An féidir liom teideal agus tuairisc a chur le comhad íomhá, físe nó fuaime i m'fhoirm iarratais?

F. Is féidir, má chliceálann tú agus do chomhad a uaslódáil agus a roghnú, feicfidh tú bosca teidil agus tráchta. Ligfidh sé seo duit cur síos agus míniú a chur le d'íomhá/físeán/comhad fuaime sa suíomh seo. Is féidir an próiseas seo a úsáid i gcás gach ceann de na comhaid.